

## ❁ An Lúibín ❁

5 Mí na Nollag 2005



### Aird is neamhaird

*Occasional mistakes of grammar or spelling occur (amazingly) even in An Lúibín – the result of haste and inattention. We hesitate, therefore, to blame others. The fact remains that, if judged by the traditional standards, a fair amount of written Irish fails. Falling standards or a changing language?*

Níor éirigh riamh leis *An Lúibín* botúin chló agus ghramádaí a sheachaint ar fad – a leithéidí seo, mar shampla, ón eagrán deireanach: ‘Coláiste Cill Bríde’ (*recte* Coláiste Chill Bhríde) nó ‘roinnt Astrálaigh’ (*recte* roinnt Astrálach). Nílimid ó chodladh na hoíche acu, mar sin féin. Deifir agus dearmad is cúis leo, ní nach ionadh agus a bhfuil le déanamh chun nuachtlitir den saghas seo a scaoileadh amach. Léitear na profaí ach scinneann roinnt rudaí thar an tsúil.

Ar cheart dúinn botúin den saghas sin a mhaitheamh do dhaoine eile, mar sin? Tá sin de réir an scéil. Ní foláir a admháil go bhfuil lochtanna ar mhúineadh na Gaeilge i ngnáthscoileanna na hÉireann, scéal ar dóigh aighnis faoi láthair é agus a fhágann a rian ar ghnáthúsáid na teanga. Is é an scéal céanna é ag mórán daoine a d’fhoghlaim an teanga uathu féin nó i ranganna do dhaoine fásta, rud is léir ón saghas Gaeilge a d’fheicfeá ar shuímh Idirlín áirithe. Thairis sin de, tá claonadh ag Gaeilge na sráide (in Éirinn ar aon chuma) chun teacht faoi anáil an Bhéarla agus dul chun simplíochta (nó chun donais, de réir do bharúla).

Is gearr ó thug polaiteoir in Éirinn – Éanna Ó Cionnaith, Gaeilgeoir líofa – le fios gur cheart ábhar neamhéigeantach a dhéanamh den Ghaeilge san Ardteist. Chum agus scaip roinnt mac léinn litir chun a bhfearg a chur in iúl do mo dhuine, agus thosaigh na botúin sa nóta a tháinig léi, nuair a dúirt siad gur ‘shíl muid go mbeadh sé níos éifeachtaigh [*níos éifeachtaí*] litreacha sínithe a thabhairt isteach go pearsanta chuig an Ardoifig Fhine Gael’ [*chuig Ardoifig Fhine Gael*]. Maidir leis an litir féin, bhí an méid seo le rá ag duine eile:

Nil a fhios agam cé scríobh an litir a bhí ag gabháil leis seo, ach tá si breac le botúin. Rud amháin is ea a bheith ag clamhsán faoi 'chiapadh na Gaeilge', etc. etc., ach ba chóir é a dhéanamh i nGaeilge chruinn ar a laghad.

Lochtú rógheár, b’fhéidir, más mian linn daoine a chur ag úsáid na teanga gan bacadh go rómhór le cruinneas. Ar an taobh eile de, níor chaill an Ghaeilge a cuid gramadaí uile fós, agus b’fhiú do mhic léinn go háirithe gan cibé cruinneas atá ag baint léi a mhilleadh. Tá na rialacha ann i gcónaí, faraor – más fada gearr a réim sa saol atá ag teacht.

Agus an scéal seo á phlé, is fiú aird a thabhairt ar thuairimí Uí Chionnaith féin:

Tá cinneadh le déanamh ag pobal na hÉireann. An bhfuil fonn orainn an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn mar theanga is féidir lenár bhformhór a labhairt? Faoi láthair tá caighdeán na Gaeilge labhartha ag dul in olcas go luath. Fágann mórán daltaí an scoil tar éis Gaeilge a fhoghlaim le ceithre bliana déag agus le 1,500 uair an chloig,

agus gan ar a gcumas comhrá simplí féin a dhéanamh inár dteanga dhúchais. Ní dhéanann ach triúr daltaí as deichniúr iarracht ar thabhairt faoin bpáipéar onóracha san Ardteist, níos lú ná in aon teanga eile...

Ón mbunscoil suas go dtí an Mheánteist, ba chóir Gaeilge a mhúineadh do na daltaí ar an mbealach is nua agus is fóna, agus béim a chur ar an gcaint. Ina dhiaidh sin, lig dóibh a roghnú cé acu a dhéanfaidh siad Gaeilge sa dhá bhliain dheireanacha den scoil nó nach ndéanfaidh.

Níl aon rud anseo nach ndúradh go minic cheana. Ach tá ciall lena moltar ann: tús áite a thabhairt don chaint agus gan a bheith chomh tugtha sin do staidéar tur na gramadaí. Tá súil ag leithéidí Kenny go dtiocfaidh feabhas mór ar Ghaeilge na hArdteiste dá bharr, feabhas a mbeidh a rian le haithint ar staid na Gaeilge trí chéile.

Cibé athchóiriú a dhéanfar ar mhúineadh na Gaeilge in Éirinn rachaidh sé i bhfeidhm orainn Astrálaigh (agus Ceanadaigh agus Meiriceánaigh) de réir mar a chuirfidh sé le líon na gcainteoirí líofa agus ceart na teanga acu. Ach rud neamhchinnte é an 'ceart' sin anois. Is coimeádaí go mór na Gaeilgeoirí iasachta, más lag láidir a gcuid Gaeilge. Tá a fhios acu go bhfuil rialacha ann, agus iad le fáil sna graiméir agus sna foclóirí. Ach cén aird a thugtar ar de Bhaldrathe in Éirinn anois? A mhalairt de chruth a bheidh ar an bhfoclóir a thiocfaidh ina ionad.

Aineolas nó neamh-aird is mó is údar le 'botúin' sa teanga. Ach tá rud eile ag oibriú ar a gcúl – an teanga a bheith ag athrú uaithi féin, á cur féin in oiriúint don saol comhaimseartha. Ní heol d'aon duine fós cén blas a bheidh ar an bpraiseach seo agus í réitithe.



### **Teilifíseachas**

*Which is more important – television in Irish or radio in Irish?*

Déantar talamh slán de i gcónaí gur cuid de shlánú na teanga í an teilifís. Ní fios an féidir é a chruthú, go fiú agus TG4 ann. Cibé scéal é, tá an Ciste Craoltóireachta Gaeilge tar éis scéim chraoltóireachta agus oiliúna a chur ar bun i gcomhar le seirbhísí áitiúla teilifíse i dTuaisceart Éireann. Tosóidh scéim oiliúna sa bhliain 2006, agus £50,000 á gcur ar fáil in aghaidh na bliana ag an gCiste lena haghaidh. Beidh ceathrar Gaeilgeoirí líofa 'ar shocrúcháin' ag na comhlachtaí áitiúla agus súil ann go mbeidh toradh a saothair le feiceáil amach anseo.

Tá sin go maith, ach cá bhfágann sé an raidió – áis atá chomh héifeachtach leis an teilifís agus i bhfad níos saoire? Níl an draíocht chéanna ag baint leis de réir bharúil na bpolaiteoirí, cé gur gearr ó d'fhógair bainisteoir nua Raidió na Life i mBaile Átha Cliath, Maebh Ní Fhallúin, go bhfuil 15,000 euró faighte acu ó Fhoras na Gaeilge chun trealamh nua a cheannach. B'fhiú gréasán de stáisiúin ilghnéitheacha phobail den saghas seo a chothú ar fud na hÉireann. Tá a áit féin ag Raidió na Gaeltachta, ach tá sé ag brath ar shaol atá ag imeacht uainn – saol a bhfuil a thraidisiúin agus a fhinscéalta féin ag baint leis agus nach mbeidh ann i gceann cúpla glúin eile.

Ach tá tábhacht ag Raidió na Gaeltacht, ag Raidió na Life agus ag Raidió Uladh ar shlí eile: iad a bheith ar an bhfoinse chainte is saibhre atá ag Gaeilgeoirí san Astráil agus i dtíortha eile, nó ag an líon acu a bhfuil teacht acu ar an Idirlíon. Ní féidir leis an teilifís an tsamhlaíocht agus an aigne a phriocadh mar a dhéanann an raidió, go háirithe i ré atá róphulctha le híomhánna. Dlúthchaidreamh, éagsúlacht, oibriú na hintleachta – seo rudaí a shamhlófa leis an raidió seachas leis an mbosca, agus tá siad le fáil i nGaeilge ar fud an domhain, a bhuíochas sin ar mhíorúilt an ghréasáin.

Go maire an raidió slán, mar sin – ach fós ba bhreá an rud corrsheó Gaeilge a fheiceáil ar an teilifís anseo. Agus ní hé *Ros na Ríon* amháin a d’oirfeadh do SBS. Cuirimis in iúl dóibh é.



### **An tAontas Eorpach agus maoiniú mionteangacha**

*Bureaucratic obstacles in the EU hinder the funding of the minor languages.*

Tá lucht labhartha mionteangacha ina mbacaigh ar bhóithríní an Aontais Eorpaigh, más fíor, agus iad ag iarraidh déirce. Caithfidh siad dul in iomaíocht leis an nGearmáinis, leis an bhFraincis agus leis an mBéarla nuair a bhíonn maoiniú á dháileadh. (Bhíodh a mbuiséad féin acu ach baineadh díobh é de réir bhunreacht an Aontais.)

Más mian leat tionscnamh Gaeilge a chur ar bun agus tú ag iarraidh cúpla pingin ar an mBruiséil ní foláir duit 50% den airgead a sholáthar as do phóca féin sula mbeidh seans agat. Fágann seo an buntáiste ag dream an sparáin mhóir. Ansin tá ceist na páirtnéireachta le réiteach: más áil le tionscnamh maoiniú a fháil caithfidh siad páirtnéirí a thabhairt leo ó dhá bhallstát eile. B’éigean d’Oireachtas na Gaeilge dul i bhpáirt leis An Mòd in Albain agus leis an Eisteddfod sa Bhreatain Bheag, triúr a d’oir maith go leor dá chéile; ach ní bheadh an comhpháirteachas chomh héasca sin i gcónaí. Deir lucht feasa agus eolais nach mór bliain a chaitheamh ag ullmhú an iarratais agus á phlé go mion le do chomhpháirtithe.

Ní mór an dóchas a bhí ar ionadaithe ó Chonradh na Gaeilge agus ó Raidió na Life nuair a fuair siad an scéala. Tá buicéad gan tóin déanta den tobar fíona. Creideann an Bhruiséil, gan dabht, gurb é cosaint na bpinginí a chruachann na puint, ach ar sochar do na teangacha leathana a théann an choigilt seo; caithfidh an Ghaeilge sólas a fháil ó chúpla pionta sa bhaile.



### **Timbuktu**

*In the 16<sup>th</sup> century Timbuktu was the greatest centre of Islamic civilisation in west Africa, a place of mosques and schools which drew Arabic-speaking scholars from all parts of the Muslim world. Timbuktu declined but its monuments remained, and so did its manuscripts, hidden in private hands. For decades UNESCO and the government of Mali have been recovering and preserving the treasures of the city’s past.*

Cathair dheannachúil gan ghustal is ea Tiombuctú anois, agus gan ach 30,000 duine ina gcónaí ann. Tá sé faoi léigear ag an bhfásach, agus níl ann ach aon sráid phábháilte amháin. Ceithre chéad bliain ó shin bhí scoláirí an domhain Ioslamaigh ag tabhairt a n-aghaidhe air; anois ní thagann ann ach corrrthurasóir. Ach tá seoda cultúrtha aige nach bhfuil a leithéidí in aon áit eile.

Na Tuaragaigh, treibh thréadach, a chuir Tiombuctú ar bun timpeall 1100 AD, más fíor, mar áit champála in aice Abhainn na Nígire. Tharla gur tháinig bealaí móra trádála an tSahára le chéile ann, agus thosaigh na ceannaithe ag tógáil tithe ann dá bharr. Ní raibh aon easpa gnó orthu: ór agus daoir á dtabhairt suas an abhainn agus iad á malartú ar an salann a thugadh na carbháin ó mhianaigh an tSahára. Tháinig an saibhreas agus lean an léann é; faoin 14ú haois bhí moscanna, scoileanna agus leabharlanna ag mealladh na scoláirí. Bhí sé de bhuntáiste ag Tiombuctú gur bhain sé le cuid de na himpireachtaí ba dhea-riartha agus ba láidre san Afraic – impireachtaí Mhailí, Ghána agus Shonghai. Go fiú sular tháinig Tiombuctú i mbuaic a réime sa 16ú haois dúirt taistealaí áirithe go raibh mheas an domhain ar lucht léinn ann agus gur mhó an brabach a rinneadh as leabhair ann ná as aon earraí eile.

Faoin am seo bhí os cionn 180 scoil i dTiombuctú, agus is ann a bhí ceann de na hollscoileanna agus moscanna ba mhó clú sna tíortha Ioslamacha: Sankore, áit a raibh an-tarraingt scoláirí uirthi as gach cearn. Bhí os cionn 20,000 mac léinn sa chathair agus iad ag déanamh staidéir ar dhlí, ar reitric, ar dhiagacht agus ar litríocht. Thug scoláirí Afracacha na háite a gcuid léinn leo go dtí ollscoileanna san Éigipt agus i Maracó. Ar an dóigh seo d'éirigh le Tiombuctú cleachtadh agus léann an Ioslamachais a dhaingniú agus a shaothrú in iarthar na hAfraice.

Ach chas rothaí móra an tsaol: sa 16ú haois bhí an impireacht á lagú ag a naimhde, agus d'éirigh leis an Portaingéalaigh trádáil mhara a chur ar bun a sháraigh carabháin an fhásaigh. Thosaigh Tiombuktú ag dul i léig agus chun raice; d'imigh an saibhreas agus an léann, agus tháinig cuma dhíblí ar na sráideanna. Ach bhí na leabhair agus na lámhscríbhinní ann fós, iad curtha ar coimeád i leabharlanna agus i gcófraí. Bhí sé de nós ag scoláirí na háite riamh cóipeanna a dhéanamh d'aon lámhscríbhinn nua a tháinig an treo, agus ba ghnáth le muintir na háite conarthaí, téacsanna naofa agus cáipéisí dlí nó taidhleoirachta a choinneáil slán acu féin. Tá siad le fáil anois ar fud dheisceart an tSahára, agus iad á mbailiú ag scoláirí ón Afraic Theas. Deirtear go bhfuil milliún ceann acu ann ar a laghad, agus tá timpeall 23,000 acu le feiceáil i lárionad speisialta a tógadh sa bhliain 1974 le hairgead ó thíortha Arabacha agus ó UNESCO. Is ann a gheobhaidh tú tráchtas ar réalteolaíocht, ar leigheas, ar an stair agus ar an gcreideamh, agus iad scríofa go greanta ornáideach in Araibis uasal. Ní mór a lua nach raibh léamh ná scríobh ag na muintreacha a chaomhnaigh iad: tá lasair an léinn ag cnádadh go ciúin ann le ceithre chéad bliain.

Is iad na foirgnimh mhóra is mó atá i gcontúirt, b'fhéidir: is fada an fásach ag cúngú ar an gcathair agus an ghaoth ghaineamhach ag creimeadh na mballaí; tá na crainn agus an t-uisce múchta. Cuireadh UNESCO Tiombuctú ar a liosta caomhnaithe sa bhliain 1990, agus anois tá na heolaithe ar a ndícheall ag iarraidh an tseanchathair a shábháil. Ní thiocfaidh na laethanta móra ar ais, ach is féidir a gcuimhne a bhuanú.



Na mná

*A recent article in the magazine Feasta reminds us that there was more to the struggle for Irish independence than men,men,men.*

In *Feasta* na Samhna cuireann Nollaig Ó Gadhra i gcuimhne dúinn in alt faoi Shinn Féin go raibh baint ar leith ag na mná leis an bhfeachtas náisiúnach in Éirinn i dtús an fhichiú haois, agus cúrsaí Gaeilge san áireamh. Luann sé Mary Lambert-Butler, a thugadh Máire de Buitléir uirthi féin, agus a rugadh i gContae an Chláir, de réir dealraimh. (Bhí dlúthghaol aici le Edward Carson, Aontachtaí mór le rá.) Ar Inis Oírr a d'fhoghlaim sí a cuid Gaeilge, más fíor, cé go raibh roinnt den teanga le fáil fós ina contae dúchais. Bhí an-bhaint aici le Conradh na Gaeilge nuair a bhí an dream sin i mbuaic a réime, bhí sí ina heagarthóir Gaeilge ag an *Weekly Independent*, agus chuidigh sí leis an nuachtán *Fáinne an Lae* a chur amach.

Bhí Máire mór le hArt Ó Gríofa, a bhí ag cur an *United Irishman* amach. Bhí *Home Rule* á phlé ag an am, agus bhí suim ag an nGríofach sa 'ríocht dhúbailte' a bhí mar shocrú idir an hUngáir agus an Ostair, agus iad aontaithe san impireacht chéanna. D'aontaigh sí leis an gclár a leag Art Ó Gríofa amach san *United Irishman*, agus a d'fhoilsigh sé i bpaimfléad mar 'The Resurrection of Hungary' sa bhliain 1904. Is cosúil gurb í Máire a mhol 'Sinn Féin' mar ainm pháirtí nua Uí Ghríofa sa bhliain 1905.

Sa bhliain 1913 sheas Máire le bunú na nÓglach. Bhí an cogadh i gcoinne na nDúchrónach ar siúl nuair a cailleadh í sa bhliain 1920, agus í ag obair go fóill ar son na Gaeilge agus na tíre. Bhain

Sinn Féin ré nua amach, ach ar éigean a d'fhanfadh an dé iontu sna tríochaidí agus sna daichidí murach Máire Ní Bhuachalla as Corcaigh, bean a bhí chomh rúndaingean leis an Máire eile.

Cuireann cuntas Uí Ghadhra i gcuimhne dúinn (más gá) gur beag aird a tugadh riamh ar a ndearna na mná ar son a dtíre agus ar son na teanga. Na fir chun tosaigh agus na mná chun deiridh: is beag trácht a dhéantar fós ar an ngaisce a rinne Cumann na mBan i rith Sheachtain na Cásca, ná ar an gcabhair a thug na mná don Choileánach ina dhiaidh sin – cabhair a thug slán é. Níl gluaiseacht na teanga chomh mór faoi smacht na bhfear is a bhíodh, ach is iad atá in uachtar fós.

Ní mór an *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 go 2000* a lua ag an bpointe seo: leabhar atá tar éis teacht amach, agus ar chuir an Dr Tina O'Toole in eagar do Cork University Press é. Tá 560 scríbhneoir ann, agus 220 díobh ag scríobh i nGaeilge.



Mura mian leat *An Líubín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au).

Colin Ryan